Foirne Tacaíochta Scoláirí Iarbhunscoileanna

Treoir do Foireann a Bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana

National Educational Psychological Service

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Foirne Tacaíochta Scoláirí Iarbhunscoileanna

Treoir do Foireann a Bhunú nó le hAthbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana

National Educational Psychological Service

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Is í an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais a d'ullmhaigh na treoirlínte seo. Acmhainn is ea iad don phearsanra uile a bhfuil freagracht acu as tacaíocht scoláirí in iarbhunscoileanna. Aithnítear le buíochas an comhairliúchán a rinneadh le réimse leathan de chomhpháirtithe Oideachais i bpróiseas na forbartha.

Aithnítear gur réimse í seo ina bhfuil forbairt ar siúl agus go bhfuil gach seans go n-athrófar an smaointeoireacht agus an cleachtas reatha mar thoradh ar fhorbairtí amach anseo. Mar sin, ba chóir breathnú ar an gcáipéis seo mar cheann atá ag éabhlóidiú agus a gcaithfear í a leasú mar thoradh ar dhearcadh nua amach anseo agus ar riachtanais scoileanna ar leith.

© Cóipcheart An Roinn Oideachais agus Scileanna

Macasamhail údaraithe do chúiseanna neamhthráchtála ar an gcoinníoll go n-admhaítear an fhoinse 2014

Clár na nÁbhar

1 RÉAMHRÁ 5

2 CAD IS FOIREANN TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ ANN? 6

3 BALLRAÍOCHT 8

4 FREAGRACHTAÍ NA MBALL FOIRNE 10

5 NÓSANNA IMEACHTA 12

6 RÚNDACHT 15

7 COIMEÁD TAIFEAD 17

8 AGUISÍNÍ

8.1 AGUISÍN 18
SAMPLAÍ DEN CHINEÁL IMNÍ IS FÉIDIR A BHEITH LE PLÉ AG CRUINNIÚ D'FHOIREANN TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ
PLEAN SAMPLACH DON IDIRGHABHÁIL

8.2 AGUISÍN 20
FOIRM ATREORAITHE UM THACAÍOCHT SCOLÁIRÍ
FORMÁID TAIFEADTA SHAMPLACH DO CHRUINNITHE
TAIFEAD ATHBHREITHNITHE SAMPLACH

8.3 AGUISÍN 23
DOICIMÉID AGUS NAISC TACAÍOCHTA

1 RÉAMHRÁ

Treoir is ea an doiciméad seo ar fhoirne tacaíochta scoláirí a bhunú in iarbhunscoileanna agus tugann sé cur síos ar an gcaoi inar féidir acmhainní na scoile a eagrú chun leasa na scoláirí uile agus, ach go háirithe, iad siúd a thagann i láthair le riachtanais tacaíochta bhreise. Níl sé i gceist go mbeadh sé ina lámhleabhar cuimsitheach ach ina chabhair le foireann a bhunú nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar fhoireann atá ann cheana.

Tugann an doiciméad *Folláine in Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe* (2013) eolas d'iarbhunscoileanna ar ghabháil do mheabhairshláinte agus d'fholláine scoláirí. Tugann *Leanúntas Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí agus Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí* (2010) ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), creat do scoileanna chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais shóisialta, mhothúcháin nó acadúla acu. Tugann *Clár Treorach Scoile a Phleanáil* (2004) ón Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas treoir do scoileanna chun Plean Treorach scoile uile a fhorbairt. Agus an leabhrán seo á léamh, ba chóir bheith ag tagairt do na doiciméid sin.

Sa doiciméad *Folláine in Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe* cuirtear béim ar chumas na scoileanna cuidiú go mór le folláine ghinearálta dhaoine óga agus timpeallacht sheasta agus thacúil a sholáthar do na scoláirí uile. I gcás an fhormóir, ní móide go maireann a gcuid deacrachtaí i bhfad agus réitítear iad le tacaíocht mhaith agus leis an idirghabháil is lú. Mar sin féin, is féidir le roinnt deacrachtaí a thagann aníos san ógántacht a bheith tromchúiseach agus leanúnach agus beidh tacaíocht níos déine agus/nó fadtéarma de dhíth ar roinnt scoláirí, lena n-áirítear atreorú chuig sainsheirbhísí.



Is iad an luath-aithint agus an luath-idirghabháil a chinntíonn toradh fónta. Is féidir le córas láidir tacaíochta sa scoil a bheith ina chéad chéim ríthábhachtach chun díriú ar dheacrachtaí, bíodh sé trí idirghabhálacha inscoile a sholáthar nó trí shainsheirbhísí a bheith páirteach.

2 CAD IS FOIREANN TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ ANN?

Is cuid den chóras tacaíochta scoláirí sa scoil í an fhoireann tacaíochta scoláirí. Cuimsíonn an córas sin réimse de thacaí a fhreastalaíonn ar riachtanais foghlama, shóisialta, mothúcháin agus iompraíochta scoláirí. Leagann an Plean Treorach don scoil amach gnéithe an chórais seo a áiríonn an curaclam OSPS; an córas bainistíochta iompraíochta; ról na gceann bliana agus mar sin de.

TÉARMAÍOCHT

- Ag teacht leis an Leanúntas Tacaíochta (2010) agus Folláine in Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe (2013) bainfear úsáid as an téarma **foirne tacaíochta** scoláirí sa doiciméad seo. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go ndéanann cuid den litríocht tagairt do **foirne cúraim** nó **foirne tréadchúraim.**
- I roinnt scoileanna, úsáidtear an téarma **'foireann chúraim'** chun tagairt do ghrúpa beag de bhaill foirne le ról speisialta, de ghnáth treoirchomhairleoir, príomhoide tánaisteach agus/nó ball foirne amháin eile, a bhuaileann le chéile uair sa tseachtain chun díriú ar na riachtanais phráinneacha atá ag líon beag scoláirí. Is féidir leis an bhfoireann seo feidhmiú mar aon le foireann tacaíochta scoláirí níos leithne.

Más rud é gurb í foireann chúraim sa chiall sin an **t-aon** samhail atá ar bun sa scoil, tá tá baol áirithe ag baint leis seo:

- D'fhéadfadh sé tarlú go bhfágtar faoin ngrúpa sin tacaíocht níos ginearálta a sholáthar agus go mbíonn orthu freastal ar riachtanais ghrúpa leathan scoláirí. Da bharr sin, b'fhéidir nach ndíreofaí ar scoláirí le luathchomharthaí riachtanais a d'fhéadfadh leas a bhaint as an leibhéal is ísle tacaíochta nó idirghabhála agus nach dtiocfaí suas leo sin go dtí go mbíonn cursaí imithe chun donais.
- D'fhéadfaí an rochtain atá ag baill foirne eile na scoile ar an gcóras tacaíochta a bheith srianta agus, fiú leis an dea-thoil is mó, d'fhéadfadh an chumarsáid leis na baill foirne eile a bheith teoranta.
- D'fhéadfaí deiseanna do bhearta choisctheacha maidir le folláine scoláirí a bheith srianta.
- B'fhéidir nach mbeidh rochtain ag baill eile de phearsanra na scoile ar oiliúint a d'fhéadfadh a bheith ar fáil tríd an gcóras tacaíochta scoláirí.

Go bunúsach, is éard is **foireann tacaíochta scoláirí** ann ná meicníocht, dírithe ar scoláirí, a chuireann scoil ar bun chun:

- an tacaíocht atá ar fáil do scoláirí sa scoil a chomhordú
- naisc a éascú leis an bpobal agus le seirbhísí tacaíochta eile lasmuigh den scoil
- cur ar chumas scoláirí le riachtanais tacaíochta teacht ar oideachas iomlán ar bhonn leanúnach
- cuidiú leis an bhfoireann na scoláirí seo a bhainistiú go héifeachtúil
- a chinntiú go gcuirtear baill foirne nua ar an eolas faoi bhearta agus nósanna imeachta a bhaineann le folláine agus tacaíocht scoláirí
- comhairle a chur ar bhainistíocht na scoile maidir le forbairt agus athbhreithniú ar pholasaithe agus struchtúir éifeachtúla um thacaíocht scoláirí.

Cuideoidh a rannpháirtíocht san fhoireann tacaíochta scoláirí leis na baill agus iad ag pleanáil idirghabhalacha do scoláirí. Mar shampla, d'fhéadfadh ball foirne eolas a fháil faoi scoláire a chuideoidh leis socrúcháin thaithí oibre a phleanáil nó b'fhéidir go gcinnfidh comhordaitheoir riachtanas speisialta ar phlean tacaíochta a leasú bunaithe ar eolas cúlra ar scoláire.

Teagmhais Chriticiúla: I gcás teagmhais chriticiúil is dócha go mbeadh an fhoireann tacaíochta scoláirí ar phríomhbhaill Fhoireann Bhainistíochta do Theagmhais Chriticiúla (FBTC). Ina theannta sin, is dócha go nglacfaidh an fhoireann freagracht as forbairt agus monatóireacht ar Phlean Bainistíochta na scoile do Theagmhais Chriticiúla.

Cosaint Leanaí: Tá freagracht ar an bPríomhoide, mar theagmhálaí ainmnithe (DLP) as Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí a chur i bhfeidhm (2011) agus is é/í a dhéanann maoirsiú ar na saincheisteanna uile a bhaineann le cosaint leanaí, lena n-áirítear tuairisciú don Bhord Bainistíochta. Beidh DLP tánaisteach ann freisin. Mar sin féin, comhroinntear freagracht i measc na mball uile de phobal na scoile as na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm agus tá sé tábhachtach, ach go háirithe, go mbeadh tuiscint shoiléir ag baill na foirne tacaíochta scoláirí ar na nósanna imeachta agus ar a ról ina leith.

AN CÓRAS BAINISTÍOCHTA IOMPRAÍOCHTA

Is féidir leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí a bheith páirteach ag céim ar bith sa chóras bainistíochta iompraíochta. Is féidir leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí cláir choisctheacha a thionscnamh sa scoil agus tá nasc láidir aici leis an gcóras bainistíocht iompraíochta. I dtreoirlínte an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais (NEWB 2008) ar chód iompraíochta scoile leagtar béim ar chothú na dea-iompraíochta mar chuspóir an chóid.

CÓRAS BAINISTÍOCHTA IOMPRAÍOCHTA



[1]Molann treoirlínte NEPS ar phleanáil do theagmhais chriticiúla gurb iad na daoine a bheadh ar fhoireann bhainistíochta do theagmhais chriticiúla ná Príomhoide, Treoirchomhairleoir, Séiplíneach, Oifigeach Caidrimh Baile/Scoile/Pobail, baill den fhoireann Riachtanas Speisialta Oideachais agus foireann chuí eile (2007).

3 BALLRAÍOCHT

Ba chóir go n-áireodh bunbhallraíocht na foirne tacaíochta scoláirí:

- Ionadaí na bainistíochta - Príomhoide nó Príomhoide Tánaisteach
- Treoirchomhairleoir
- Comhordaitheoir riachtanas speisialta
- Cinn bliana / teagascóirí foirme
- Comhordaitheoir OSPS

Ba chóir go mbeadh ballraíocht san fhoireann tacaíochta scoláirí mar ghnáthchuid de dhualgais an chinn bhliana ach ní gá do na cinn bliana uile freastal ar gach cruinniú (nó ar chruinniú ina iomláine). Mar sin féin, ní mór do na cinn bliana a fhios a bheith acu cén scoláirí atá ina gcúis imní toisc gur chuid ríthábhachtach iad sa phróiseas atreoraithe agus sa slabhra cumarsáide a fheidhmíonn sa scoil.

Baill eile den fhoireann is ea na daoine seo a leanas, i scoileanna ina bhfuil poist dá leithéid:

- Múinteoir Caidrimh Baile Scoile Pobail (HSCLT)
- Oifigeach Críochnaithe Scoile (SCO)
- Séiplíneach
- Múinteoirí Tacaíochta Iompraíochta

D'fhéadfadh **sé bheith oiriúnach go nglacfadh daoine eile páirt, lena n-áirítear:**

Comhairleoir Scoile

Má fhostaíonn scoil comhairleoir, b'fhéidir go mbeidh sé oiriúnach iad a bheith ag freastal ar roinnt cruinnithe. D'fhéadfadh costas a bheith i gceist le freastal ar na cruinnithe, áfach, más rud é go bhfuil an comhairleoir ar conradh le bheith ar fáil ag am réamhshocraithe.

Baill foirne le ról speisialtóra

D'fhéadfadh ball foirne a bheith ann atá ag obair i ról speisialtóra nó, mar shampla, múinteoir ábhair nó acmhainne atá ag obair le grúpa scoláirí a bhfuil imní ar leith fúthu. I gcásanna áirithe, b'fhéidir gur mhaith leis an múinteoir cur síos ar an gcúis imní atá ann nó mionsonraí na n-idirghabhálacha atá á gcur i bhfeidhm a phlé.

Tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí

Ó am go ham, b'fhéidir go dtabharfar cuireadh do thuismitheoirí/caomhnóirí nó scoláire/scoláirí bualadh leis an bhfoireann ar chúis ar leith, ar nós tionscadal a bhaineann le folláine scoláirí.

Gairmeoirí ó ghníomhaireachtaí seachtracha

Is féidir le gairmeoirí ó sheirbhísí nó gníomhaireachtaí eile ar nós síceolaithe scoile (NEPS); Oifigigh Leasa Oideachais (EWO) ; Oifigigh Riachtanas Speisialta Oideachais (SENO) de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE); foireann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) freastal mar is cuí.

[2] Sa Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais, a chuimsíonn an tSeirbhís Leasa Oideachais; an Clár Críochnaithe Scoile & an tSeirbhís Teagmhála Baile/Scoile/Pobail, ag feidhmiú mar aon, tá samhail seirbhíse a áiríonn príomhoibrí chun maoirsiú a dhéanamh ar thacaíocht do scoláire a aithnítear go bhfuil deacrachtaí tinrimh agus rannpháirtíochta aige/aici.

4 FREAGRACHTAÍ NA MBALL FOIRNE

Leagtar síos freagrachtaí na bpríomhbhall foirne agus coinnítear taifead orthu. D'fhéadfadh sé seo am a thógáil agus ní mór athbhreithniú a dhéanamh air i gcónaí. Mar shampla, b'fhéidir go gceapfadh beirt bhall go bhfuil siad ag obair leis an scoláire céanna agus d'fhéadfadh éiginnteacht a bheith ann faoin duine a bhfuil freagracht fhoriomlán acu as tacú leis an scoláire.

Áiríonn gnáthfhreagrachtaí na bunfoirne ról an **chomhordaitheora.** Uaireanta glacfaidh an príomhoide an fhreagracht sin, ar dtús ar a laghad, chun tús rathúil a chinntiú. B'fhéidir go mbeadh sé níos áisiúla don phríomhoide, áfach, ball foirne sinsearach a cheapadh chun an fhreagracht a ghlacadh nó b'fhéidir gurb é an treoirchomhairleoir an duine is oiriúnaí chun an fhoireann a chomhordú. Is féidir an uainíocht a dhéanamh ar an ról, b'fhéidir in aghaidh na bliana, ach ba chóir an tairbhe a bhaineann le taithí a chur san áireamh, toisc go bhfuil ról an chomhordaitheora ríthábhachtach d'fheidhmiú éifeachtúil na foirne. B'fhiú comhordaitheoir tánaisteach a bheith ann a bheadh ar fáil mar ionadaí ar an gcomhordaitheoir dá mbeadh comhordaitheoir ag dul ar saoire mháithreachais, mar shampla, chun an ról a ghlacadh mí Mheán Fómhair dar gcionn.

Déanfaidh an **comhordaitheoir:**

- cruinnithe a eagrú agus ullmhú dóibh
- caidreamh roimh na cruinnithe le lucht freastail breise ar bith agus socrú go mbeidh na cinn bhliana ábhartha, múinteoirí eile, tuismitheoirí/caomhnóirí, scoláirí i láthair
- faisnéis a thabhairt do lucht freastail "breise" ar bith faoi shaincheisteanna agus nósanna imeachta
- cinntiú go scaipfear doiciméid
- atreoruithe cuí a dhéanamh nó an tasc a leithdháileadh ar dhuine eile
- caidreamh le gníomhaireachtaí cuí agus, más cuí, le tuismitheoirí/caomhnóirí
- aiseolas struchtúrtha a sholáthar do na gníomhaireachtaí sin
- cruinnithe cáis a thionól agus feidhmiú mar chathaoirleach nó socrú do dhuine eile feidhmiú mar chathaoirleach
- cinntiú go gcoinnítear an fhoireann ábhartha ar an eolas faoi chinntí/gníomh cuí
- tacaíocht a sholáthar i bhforbairt na gcritéar chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an chórais tacaíochta scoláirí.

Féadfaidh an **treoirchomhairleoir:**

- eolas mionsonrach a bheith acu ar scoláirí ar leith
- tacaíocht leanúnach nó idirghabhálacha ar leith a sholáthar do scoláirí aonair mar thoradh ar an gcruinniú
- tacú le múinteoirí ábhair ina gcuid oibre
- caidreamh a dhéanamh le gníomhaireachtaí seachtracha
- teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil imní orthu faoina bpáistí.

Maidir leis an **gceann bliana/teagascóir foirme:**

- déanfaidh siad eolas a thiomsú ó mhúinteoirí maidir le scoláirí nó saincheisteanna ar leith
- b'fhéidir go n-iarrfar orthu aiseolas a thabhairt do bhaill foirne ar leith
- b'fhéidir go ndéanfaidh siad teagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí
- b'fhéidir go mbeidh siad i dteagmháil leis an múinteoir ranga, le síceolaí na scoile nó le gairmeoirí eile
- b'fhéidir go mbeidh siad ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh/tacaíocht a thabhairt do scoláirí ar leith.

Maidir leis an **gcomhordaitheoir OSPS:**

- oibreoidh siad tríd an gcuraclam OSP i gcomhar leis na múinteoirí cinn bhliana/na teagas cóirí foirme
- agus d'fhéadfaí iarraidh orthu ionchur a sholáthar ar réimse de thopaicí ó am go ham a bhaineann le saincheisteanna scoile uile m.sh. bulaíocht, úsáid substainte.

Maidir leis an **Múinteoir Comhordaithe do Riachtanais Speisialta Oideachais:**

- beidh eolas speisialta acu faoi scoláirí le deacrachtaí foghlama
- is féidir leo comhairle a thabhairt faoi oiriúnacht na hidirghabhála ata i gceist do scoláirí ar leith.

Tá an dea-chumarsáid ríthábhachtach d'fhoirne tacaíochta scoláirí éifeachtúla

Is féidir leis an bhfoireann **teagmhálaí** a ainmniú chun eolas a roinnt, más gá. Mar shampla, b'fhéidir nach mór eolas a roinnt le múinteoirí ábhair i gcás scoláire ar leith. D'fhéadfadh comhordaitheoir na foirne tacaíochta scoláirí labhairt le gach múinteoir duine ar dhuine **nó** iarraidh ar an gceann bliana é sin a dhéanamh, **nó** an tasc sin a roinnt idir an bheirt acu. B'fhearr go bhfágfaí faoin gcomhordaitheoir, áfach, a chinntiú go bhfuil baill foirne eile na scoile ar an eolas maidir le conas a fheidhmíonn an fhoireann agus go bhfuil siad ag atreorú scoláirí de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos.

Beidh tionchar suntasach ag struchtúr agus feidhmiú na foirne ar dhea-chumarsáid a fhorbairt agus a chothú laistigh den fhoireann tacaíochta chomh maith leis an gcuid eile d'fhoireann na scoile agus le gníomhaireachtaí seachtracha. Beidh sé seo ríthábhachtach don rath.

Seirbhísí Eile: Tá sé ríthábhachtach don fhoireann tacaíochta scoláirí eolas a bheith acu faoi na seirbhísí agus gníomhaireachtaí éagsúla a chuireann tacaíocht ar fáil. Tá cuid den eolas seo ar fáil sna Treoirlínte d'Fholláine in Iarbhunscoileanna. Tá sé riachtanach go mbeadh baill na foirne tacaíochta scoláirí ar an eolas faoi nósanna imeachta a bhaineann le seirbhísí áitiúla a rochtain. Ó tharla go mbíonn athruithe i ngníomhaireachtaí agus sna seirbhísí, b'fhiú athbhreithniú rialta a dhéanamh ar a bhfuil ar fáil agus ar na crítéir rochtana do na gníomhaireachtaí éagsúla.

5 NÓSANNA IMEACHTA

Cé go bhfuil go leor difríochtaí idir scoileanna, tá roinnt gnéithe ar leith atá riachtanach chun foireann tacaíochta scoláirí a choinneáil buan:

- Tá sé riachtanach **am rialta ar leith a shainiú do na** cruinnithe. Beidh an mhinicíocht, pé acu in aghaidh na seachtaine, na coicíse nó na míosa, ag brath ar riachtanais na scoile agus ar phráinn na saincheisteanna. Moltar go mbuailfeadh an fhoireann le chéile uair sa mhí ar a laghad ach b'fhearr uair sa tseachtain. Ní féidir dea-phróiseas a chur i bhfeidhm mura mbíonn na cruinnithe ar siúl sách minic nó sách rialta toisc go bhféadfadh sé bheith deacair díriú mar is cuí ar shaincheisteanna. Ansin ní mheasfar go bhfuil an struchtúr úsáideach nó éifeachtúil.

- Ní mór **dóthain ama** a chur ar fáil don ullmhúchán sa chaoi is go mbainfear an úsáid is fearr as an am, mar shampla, cruinnithe a sceidealú tamall maith roimh ré. .

  Ní bheidh na baill uile ar fáil do gach cruinniú ach, sa mhéid agus is féidir, ba chóir cruinniú na foirne tacaíochta scoláirí a thionól. Ba chóir don chomhordaitheoir nó do bhall foirne eile a ghlacadh mar chúram orthu féin go dtugtar eolas do na daoine nach raibh i láthair faoi chinntí an chruinnithe.

- Tá **nósanna imeachta atreoraithe atá soiléir agus inrochtana** riachtanach. Is fearr roinnt solúbthachta a bheith ann ach ba chóir an atreorú a dhéanamh ar an mbealach is lú a chuireann isteach ar dhaoine agus an líon is lú daoine a bheith páirteach ann. Is féidir le scoileanna bealaigh éagsúla a úsáid m.sh. atreorú ó bhéal chuig ball foirne ar bith nó chuig ball ainmnithe ar an bhfoireann nó atreorú ón mbainistíocht nó ó na cinn bhliana amháin. Is féidir scoláirí atá aitheanta ag seirbhísí seachtracha nó ag tuismitheoirí/caomhnóirí a atreorú tríd an bpríomhoide.

  I roinnt scoileanna is féidir le haon ghairmeoir atá ag plé go díreach le scoláirí iad a atreorú chuig an bhfoireann. I scoileanna DEIS, b'fhéidir go mbeidh eolas nó imní ag an Múinteoir Caidrimh Baile Scoile Pobail, ag an Oifigeach Críochnaithe Scoile nó ag múinteoir ón rang Tacaíochta Iompraíochta (Seirbhís Tacaíochta Iompraíochta Náisiúnta) faoi scoláirí ar leith gur féidir leo a tabhairt chuig cruinniú na foirne (aithnítear nach bhfuil fáil ar na hacmhainní seo sna scoileanna uile).

Tá samhlacha éagsúla ann d'atreorú ann agus d'fhéadfadh sampla amháin de bhealach atreoraithe d'fhoireann teagasc a bheith mar seo a leanas:

a) cuireann múinteoir ábhair údar imní in iúl don teagascóir ranga

b) is fédir leis an teagascóir gníomhartha a mholadh nó is féidir atreorú díreach chuig an gceann bliana

c) pléann an ceann bliana agus an teagascóir na gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh agus déanann siad plean d'idirghabháil nó

d) is féidir leo atreorú láithreach chuig an bhfoireann tacaíochta scoláirí

Is í práinne an scéil a threoróidh an gníomh anseo.

Tugtar roinnt samplaí de na cineálacha imní a d'fhéadfaí a phlé ag cruinniú in Aguisín A le plean gníomhaíochta leagtha amach do shampla amháin.

Tá **na nósanna imeachta do chruinnithe** na foirne tacaíochta scoláirí bunaithe ar phrionsabail chéanna an dea-chleachtais a bhaineann le cruinniú ar bith:

- aidhm an chruinnithe a shoiléiriú
- a chinntiú go gcloistear na tuairimí uile
- fanacht laistigh de sceidil ama
- gníomhartha a thaifeadadh

Nuair is féidir, úsáidtear cur chuige comhoibríoch chun teacht ar chinntí ach uaireanta b'fhéidir go mbeidh ar an gcomhordaitheoir cinneadh a dhéanamh mura féidir teacht ar chomhaontú. Ba chóir don fhoireann tacaíochta scoláirí a bheith neamh-dhaorbhreithiúnach agus cur chuige struchtúrtha i leith an fhadhbhréitigh a úsáid (féach thíos). D'fhéadfadh an comhordaitheoir tairbhe a bhaint as rochtain ar fhorbairt ghairmiúil maidir le bainistiú cruinnithe.

Seo a leanas cur chuige chun déileáil le cás:

Céim 1: Tosaíonn an cruinniú le ráiteas faoin imní i dtéarmaí iompraíochta:

"I ndiaidh é a bheith curtha ar fionraí mar thoradh ar ionsaí a rinne sé ar scoláire eile ag na locair, thug Dean ------- íde béil d'Iníon ------ ina rang sular shiúil sé amach as an seomra"

Céim 2: Leanann athbhreithniú ar a bhfuil ar eolas faoi Dean – a stair, leibhéal a chuid inniúlachta, agus eolas ábhartha eile ó thaifid scoile.

Céim 3: Scrúdaítear a bhfuil ar eolas faoi na ranganna nó na suíomhanna ina dtarlaíonn an iompraíocht. An bhfuil patrún/nasc ann? Más féidir, cuir na príomhbhuarthaí i ngrúpaí agus cuir in ord tosaíochta iad.

Céim 4: Má tá eolas eile de dhíth chun an scéal a chur chun cinn, aithnítear an t-eolas seo.

Céim 5: Ainmnítear gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh – lena n-áirítear gníomhartha láithreach, cinn sa mheántéarma agus cinn sa bhfadtéarma. Cé hiad na daoine a chaithfear labhairt leo? Cá a labhróidh leis na tuismitheoirí/caomhnóirí srl?

Le cur chuige atá díritheach ar réiteach, soláthraítear bealach chun idirghabháil ghearrthéarma a chur i bhfeidhm ar féidir í a mheas go héasca.

- Leagann sé béim ar idirghabhálacha gearrthéarma, díritheach chuspóir
- Díríonn sé ar réitigh a chruthú, seachas a bheith ag déanamh anailís ar na cúiseanna a d'fhéadfadh bheith leis
- Cuartaíonn sé gnéithe den réiteach atá ann cheana féin, i.e. tosú le sprioc a d'fhéadfaí a bhaint amach go héasca
- Fiosraíonn sé cén chaoi a mbeidh rudaí difriúil agus cad atá ag teastáil chun go dtarlóidh sé seo
- Forbraíonn sé plean gníomhaíochta
- Áiríonn sé monatóireacht agus athbhreithniú ar an bplean gníomhaíochta

Féadfaidh síceolaí NEPS na scoile, má iarrtar air/uirthi, comhairle a thabhairt faoi struchtúr úsáideach chun cásanna a phlé agus pleananna gníomhaíochta a éascú.

Tá **athbhreithniú bliantúil ar an bhfoireann tacaíochta scoláirí** riachtanach, idir obair agus ról na foirne. Tugann sé seo deis próifíl a fháil ar na scoláirí atreoraithe agus fáil amach an bhfuil patrúin nó saincheisteanna atá follasach ag teacht chun solais. Cé go bhféadfaí smaoineamh gur deacair an tasc é an méid sin ag deireadh na bliana acadúla, beidh tairbhe leis mar tabharfaidh sé léargas ar na hathruithe a theastaíonn don bhliain dar gcionn. In Aguisín 2a de *Folláine in Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe* tá Ceistneoir Féinmheastóireachta Scoile a d'fhéadfadh a bheith ina uirlis úsáideach chun tacú leis an athbhreithniú seo. I bPríomhréimse 4 – Comhpháirtíochtaí (Naisc Teaghlaigh agus Pobail) tá ceistneoir ann atá dírithe ar athbhreithniú ar chóras tacaíochta scoláirí na scoile.

Ina theannta sin, tugann an t-athbhreithniú ar bhallraíocht agus ar eagrú na foirne deis iniúchadh a dhéanamh ar áit na foirne i gcóras tacaíochta na scoile i.e. cén córais eile atá ag feidhmiú a d'fhéadfadh comhghaol a bheith acu le hobair na foirne? B'fhéidir go n-aithneofaí gá le leasuithe ar an gcaoi ina n-oibríonn agus ina nascann an córas scoile. D'fhéadfadh an Seicliosta Timpeallachta Foghlama a thugtar i *Leanúntas Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna: Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí* ar leathanaigh 8 – 22 a bheith úsáideach mar thagairt.

6 RÚNDACHT

I gcomhthéacs fhoireann tacaíochta scoláirí tá dhá ghné le ceist na rúndachta.

Baineann an chéad cheann leis na freagrachtaí atá acu siúd a oibríonn go díreach le leanaí agus le daoine óga maidir le dualgas cúraim.

Is é an dara ceann ná an gá le cothromaíocht a aimsiú idir múinteoirí a choinneáil ar an eolas chun cuidiú leo a ndualgais a chur i gcrích agus an iomad eolais phearsanta nach bhfuil gá leis faoi scoláirí agus a dteaghlaigh a nochtadh.

Tá gá acu siúd uile a oibríonn le scoláirí leis an deis chun a dtuairimí agus a mothúcháin féin a chur in iúl. Mar sin féin, níor chóir nach mbeadh i gcruinnithe den fhoireann tacaíochta scoláirí ach deiseanna do dhaoine fásta a bhfrustrachas a chur in iúl. Ba chóir teorainneacha gairmiúla a chaomhnú i bplé faoi dhaoine óga agus ní mór don fhoireann a chinntiú go n-úsáidtear eolas fíriciúil agus iad ag cinneadh conas gníomhú.

Úsáidtear an nath 'gá le fios' ('need to know') go minic ach is féidir leis a bheith deacair leibhéal an 'ghá' a thuiscint. Má iarrtar ar mhúinteoirí a dteagasc nó a n-idirghníomhaíochtaí le scoláirí a leasú, ba chóir go dtabharfaí fáth dóibh lena leithéid a dhéanamh. D'fhéadfadh sé sin cabhrú leo freisin iompraíocht an scoláire a thuiscint. Más féidir, ba choir múinteoirí a chur ar an eolas faoi aon scoláire atá ag fáil tacaíochta agus faoi cé chomh fada agus a d'fhéadfadh an tacaíocht sin leanúint ar aghaidh.

Tá meas ar phríobháideacht agus ar rúndacht an-tábhachtach agus go minic luann scoláirí imní faoi 'daoine ag labhairt fúthu'. Má leantar nós imeachta atá dírithe ar réiteach nó teicníc um fhadhbhréiteach dá leithéid, is féidir plé ciorclach faoi fhadhbanna scoláirí a sheachaint.

Ba chóir foireann na scoile a chur ar an eolas i gcónaí faoi thábhacht na príobháideachta agus na rúndachta maidir le heolas ar bith a fhaigheann siad faoi scoláirí. Is féidir le teaghlaigh tuairimí láidre a bheith acu faoi cé mhéad faisnéis phearsanta atá ar eolas fúthu agus ba chóir aird a thabhairt ar na tuairimí sin.

Is í seo an phríomhcheist - má nochtfar an t-eolas seo, an ar mhaithe le leas an scoláire é?

Is é leas scoláirí an slat tomhais. Ba chóir go mbeadh leas an scoláire chun tosaigh anseo

Déanann an fhoireann tacaíochta scoláirí an cinneadh faoi cén fhaisnéis ba chóir a roinnt. Agus an cinneadh seo á dhéanamh, b'fheidir go gcuideodh sé dul i gcomhairle leis an scoláire, le NEPS, nó le gairmeoirí eile.

- Uaireanta, tiocfaidh saincheisteanna níos tromchúisí aníos maidir le faillí nó drochíde a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus sna cásanna seo, gníomhaíonn an Teagmhálaí Ainmnithe, a bhfuil cur síos ar a ról sna Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí d'Iarbhunscoileanna (2011).

Ní mór do mhúinteoir aon nochtadh a bhaineann le sábháilteacht scoláire nó dhaoine eile a thuairisciú. Ní mór a rá le daoine óga go dtarlóidh sé seo. Tá sé tábhachtach freisin go dtugtar le fios dóibh nach nochtófar an méid a phléifear gan gá agus go mbeidh meas ar phríobháideacht. Tá níos lú seans ann go mbeidh fadhbanna leis seo má tá caidreamh dearfach agus iontaofa ag scoláire le ball foirne. Uaireanta, áfach, d'fhéadfadh scoláire eolas a nochtadh do bhall foirne iontaofa a thugann féinghortú féideartha le fios. Ní mór don bhall foirne sábháilteacht an scoláire a chur chun tosaigh ar aon cheist iontaoibhe.

Nuair atáthar ag obair le scoláirí, tá sé riachtanach príobháideacht a sholáthar dóibh trí:

Rogha ama agus suíomh cruinnithe

Prótacail a bheith ann faoi na daoine a bhfuil rochtain acu ar an eolas

Aon eolas scríofa a choimeád slán

Cead Tuismitheora

Cé gur féidir le pearsanra scoile aon scoláire a phlé ag cruinniú d'fhoireann tacaíochta, tá cead tuismitheora sínithe de dhíth nuair atá aon duine nach ball den fhoireann é/í ag glacadh páirt i bplé den tsórt sin.

7 COIMEÁD TAIFEAD

Gné thábhachtach d'obair na foirne is ea **Cosaint Sonraí.** Má choimeádtar eolas faoi scoláirí, bíodh sé ar ríomhaire nó i gcomhaid pháipéir, beidh na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 i bhfeidhm. Tá na dlithe seo ann chun príobháideacht dhaoine aonair a chosaint maidir le próiseáil a gcuid faisnéise pearsanta. Tá sé riachtanach go mbeadh polasaí láidir ar choimeád taifead i bhfeidhm.

Tugann Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí de chuid na Roinne Oideachais (roinn 3.5) cur síos ar na riachtanais chun eolas a thaifeadadh maidir le tuairiscí agus/nó líomhaintí a bhaineann le himní faoi leas leanaí.

Chomh maith le riachtanais fhoirmiúla, beidh gá ag an bhfoireann le córas chun tuairisc a choinneáil ar a cuid plé agus cinntí. Áiríonn na tascanna maidir le páipéarachas:

- foirm atreoraithe don fhoireann a dhearadh
- foirm a dhearadh chun eolas a thaifeadadh maidir le scoláirí a bhfuil imní fúthu
- foirm do phlean gníomhaíochta a dhearadh má mheastar go mbeadh a leithéid úsáideach. Is í an aidhm a bheadh lena leithéid ná an pearsanra cuí a chur ar an eolas faoi na pleananna do scoláire ar leith, ach go háirithe má tá acmhainní aonair le lorg. De rogha air sin, b'fhéidir gurb' fhearr leis an bhfoireann an taifead seo a choinneáil don fhoireann amháin agus daoine eile a chur ar an eolas ó bhéal.

Ba chóir nach mbeadh thar leathanach amháin san fhoirm atreoraithe, go mbeadh sé éasca le líónadh isteach agus go mbeadh spás ann do chur síos gairid ar an imní, mar shampla,

Tá ardú i líon na ranganna atá á bhfágáil go luath ag J;

d'fhág sé láthair na scoile trí huaire an tseachtain seo

Nó

Lorg Oibrí Sóisialta M tacaíocht scoile i ndiaidh eachtra trámaí i dteach M

In **AGUISÍN B** tá samplaí de na teimpléid atá in úsáid ag scoileanna.

B'fhéidir go bhfuil cuma chasta ar an 'bhformáid taifeadta shamplach do chruinnithe' ar an gcéad amharc ach is fiú a lua gur thóg an scoil a d'fhorbair í roinnt blianta chun é a dhéanamh agus mheas siad go raibh sí an-úsáideach.

B'fhéidir go mbeadh cuid den cháipéisíocht teimpléid shamplach a thugtar i Leanúntas Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna: Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí (2010) úsáideach, ach go háirithe leathanaigh 51 go 54.

Leid chuidiúil: dath amháin a úsáid don pháipéarachas a bhaineann leis an bhfoireann tacaíochta scoláirí, chun gur feidir é a aithint láithreach.

Ba chóir an cháipéisíocht uile a bhaineann le hobair na foirne tacaíochta scoláirí a mharcáil **Faoi Rún.**

8 AGUISÍNÍ

8.1 AGUISÍN

SAMPLAÍ DEN CHINEÁL IMNÍ A D'FHÉADFADH A BHEITH LE PLÉ AG CRUINNIÚ FHOIREANN TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ

(i) *Thug an tSeirbhís áitiúil Meabhairshláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh (CAMHS) le fios don phríomhoide go bhfuil duine óg leochaileach faoi leith. Iarrann siad ar an scoil leasuithe sealadacha a dhéanamh don scoláire. Déanann an fhoireann tacaíochta scoláirí measúnú* agus cinneann ar an tacaíocht atá de dhíth. B'fhéidir gurb é a bheadh i gceist ná an fhoireann ag cur in iúl do mhúinteoirí go bhfuil cúinsí speisialta ann maidir leis an duine óg. Bheadh tacaíocht do mhúinteoirí chun aon leasuithe a dhéanamh san áireamh sa phleanáil freisin. Nó, má dhéantar cinneadh go gcuirfeadh riachtanais tacaíochta aonair an duine óig iallach orthu roinnt ranganna a chailliúint, thógfadh ball den fhoireann an cúram orthu féin é seo a shocrú/mhaoirsiú agus caidreamh a dhéanamh le múinteoirí an scoláire. Is féidir leo siúd a bheith ina dteagmhálaí leis an teaghlach agus an cúram a ghlacadh orthu féin labhairt leis an duine óg faoina bhfuil pleanáilte chomh maith le teagmháil a dhéanamh le pearsanra FSS*

(ii) *Is cosúil go bhfuil scoláire, a dtuairiscítear a chuid iompraíochta a bheith imithe chun donais thar thréimhse ama ghairid, á aonrú féin óna bpiaraí. Sa chás seo chuirfeadh measúnú* san áireamh an t-eolas atá ann maidir le teagmháil ar bith leis an teaghlach nó cur síos ar a bhfuil ar eolas faoina gcúinsí. Is féidir le ball foirne amháin an cúram a ghlacadh air féin an t-eolas sin a fháil. B'fhéidir go measfar é a bheith cuí atreorú láithreach a dhéanamh chuig seirbhís chliniciúil láithreach* ***(féach plean samplach lastall d'idirghabháil sa chás seo).***

(iii) *Tá grúpa beag scoláirí na Chéad Bhliana ag cruthú deacrachtaí tromchúiseacha i roinnt ranganna. Tugann measúnú* le fios go bhfuil gá le hidirghabháil ar roinnt bhealaí: tacaíocht do na múinteoirí atá i gceist; idirghabháil aonair do dhuine nó beirt de na scoláirí sa ghrúpa; scrúdú ar an mbealach inar úsáideadh smachtbhannaí leis na scoláirí. Áirítear na tascanna seo uile i bplean gníomhaíochta agus tuairiscítear ar ais orthu ag cruinnithe ina dhiaidh sin.*

(iv) *Iarrann an príomhoide athbhreithniú ar Phlean Bainistíochta na scoile do Theagmhais Chriticiúla. Bíonn plé ann ar ghnéithe áirithe den phróiseas athbhreithnithe agus déantar cinntí faoi cé a bheidh freagrach as na tascanna atá le déanamh.*

**Tagraíonn measúnú sa chás seo do thiomsú faisnéise sa chomhad scoile, eolas na múinteoirí ar an scoláire agus eolas ginearálta eile. Ba chóir dó a bheith chomh cuimsitheach agus is féidir.*

PLEAN SAMPLACH don IDIRGHABHÁIL

Labhair teagascóir dara bliana leis an gceann bliana faoi Shane, scoláire a bhíonn réchúiseach de ghnáth, a tugadh faoi deara le déanaí go raibh 'droch-chuma' air agus nach raibh sé ag caint lena chairde mar a bhíodh.

Luaigh triúr múinteoirí ábhair freisin leis an bpríomhoide agus leis an gceann bliana go raibh iompraíocht Shane imithe chun donais. Rinne sé caint chliste le cúpla múinteoir agus ba mhinic é a bheith ar strae ón tasc. Labhair an ceann bliana le Shane a dúirt 'nach raibh faic cearr' agus 'nach raibh a fhios aige' cén fáth go raibh sé ag mí-iompar. Rinne an ceann bliana é a atreorú don fhoireann tacaíochta scoláirí toisc go raibh iompraíocht Shane neamhghnách agus gur athraigh sé go tapa, cé nach raibh sé tromchúiseach go fóill.

- Ag an gcruinniú, thug athbhreithniú ar a raibh ar eolas faoi Shane le fios nár tugadh suntas don teaghlach le linn gnáth-theagmhálacha leis na tuismitheoirí uile. Measadh gur scoláire meánchumais é a raibh caidreamh maith aige le múinteoirí agus bhí grúpa cairde aige.

  I ndiaidh athbhreithnithe ar na buarthaí, cinneadh:

  - go labhródh an ceann bliana le tuismitheoirí Shane faoi céard a bhí tugtha faoi deara sa scoil
  - go mbuailfeadh an treoirchomhairleoir le Shane
  - go scaipfí foirm Gearrthuairisce Múinteora dá mhúinteoirí uile.
- Ag an gcéad chruinniú eile rinneadh athbhreithniú ar an eolas a bhí ar fáil faoi Shane. Seo a leanas dhá chineál cúinsí a d'fhéadfadh bheith i gceist a léiríonn riachtanas mionchúiseach agus riachtanas níos casta:

Cás 1: Bhí tuismitheoirí Shane tar éis scaradh óna chéile le déanaí agus dúirt a mháthair go raibh fearg air faoi fágáil an athar. Léirigh tuairiscí mhúinteoirí Shane nach raibh ag éirí chomh maith leis agus a bheadh de ghnáth i roinnt ábhar agus go raibh sé mar ba ghnách i gcuid eile. Fuair an treoirchomhairleoir amach nach raibh a fhios ag Shane cad a tharlódh i ndiaidh dá thuismitheoirí scaradh agus bhí sé buartha go n-imeodh a athair óna shaol.

Gníomh:
- Cinneadh go leanfadh an Treoirchomhairleoir ar aghaidh leis na seisiúin le Shane agus a bhuarthaí a chomhroinnt lena thuismitheoirí dá n-aontódh Shane leis. Mura dteastódh sé sin uaidh, ansin gheobhadh an treoirchomhairleoir toiliú na dtuismitheoirí go dtacódh sí le Shane.

Cás 2: Dúirt máthair Shane leis an gceann bliana go raibh iompraíocht Shane sa bhaile athraithe freisin. Ní raibh sé cumarsáideach, bhí sé teasaí agus ní raibh sé ag dul amach an méid céanna agus a bhíodh. Bhí sí féin thíos le dúlagar agus bhí cóir leighis uirthi. Léirigh tuairiscí a mhúinteoirí go raibh Shane ag feidhmiú go lag i bhformhór na réimsí agus go raibh sé ag éirí níos argóintí le múinteoirí. Fuair an treoirchomhairleoir amach go raibh Shane an-diúltach faoin scoil agus faoin thodhchaí i gcoitinne. Dúirt sí go raibh an cuma ar an scéal nach raibh suim aige i rud ar bith.

Gníomh:
- Cinneadh go labhródh an treoirchomhairleoir leis an síceolaí NEPS faoi phlean chun tacú leis ar scoil agus bealaí atreoraithe cuí do Shane a phlé.
- Dhéanfaí teagmháil lena thuismitheoirí láithreach chun imní na scoile a phlé.
- Chuirfí a mhúinteoirí ar an airdeall go gcaithfí súil a choinneail air agus tacú leis.

8.2 AGUISÍN

FOIRM ATREORAITHE UM THACAÍOCHT SCOLÁIRÍ

Príobháideach Agus Faoi Rún

Ainm an Scoláire: .....

Bliain: .....

Rang: .....

Múinteoir Foirme: .....

Ceann Bliana: .....

Luaigh conas atá eolas agat ar an scoláire: .....

An imní tréadchúraim / foghlama / iompraíochta í (cuir tic le ceann amháin)?

Tréadchúram ☐

Foghlaim ☐

Iompraíocht ☐

An chúis leis an imní: .....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

.....

Síniú: ..... Dáta: .....

LED' THOIL, TABHAIR AN FHOIRM SEO DO CHOMHORDAITHEOIR (NÓ COMHORDAITHEOIR TÁNAISTEACH) NA FOIRNE TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ

FORMÁID TAIFEADTA SHAMPLACH DO CHRUINNITHE

Foireann Tacaíochta Scoláirí - Dáta

	Ó	Scoláire	Riosca*	Imní**	Le déanamh***
1ú Bliain	Bliain-ghrúpa	Túslitreacha an Scoláire		Catagóir na faidhbe	
	1.1	S O'M	1	Mothúchánach	Ceann bliana le labhairt le tuismitheoirí/caomhnóirí
	1.2	P T	2	Iompraíocht	
	1.2				
	1.4		2	Iompraíocht	Teagascóir le tacú leis an múinteoir Mata
2nd Year					
	2.2		5	Iompraíocht/ Mothúchánach	Treoirchomhairleoir> atreorú go CAMHS
	2.5				
3rd Year					
	2.1	A M		Sóisialta	Tacaíocht teagascóra agus piara
4th Year	4.2	E D	3	Mothúchánach	Téigh i gcomhairle leis an síceolaí NEPS.

* Déantar riosca a rátáil ó 1- riosca íseal go 5- riosca ard (gá le gníomh láithreach).

** Luaitear imní i gcatagóirí de réir na PRÍOMHFHAIDHBE a chuirtear i láthair:

- Iompraíocht – mí-iompar/geáitsíocht, ionsaitheach; bulaíocht...
- Mothúchánach – fadhbanna teaghlaigh nó pearsanta; brón...
- Sóisialta – scoite amach ó dhaoine eile; troid...

*** Tagraíonn le déanamh don duine/daoine a bheidh ag déanamh tuairisce ar an scoláire sin nuair a bheidh gníomh éigin curtha i bhfeidhm

ATHBHREITHNIÚ AR FHOIREANN TACAÍOCHTA SCOLÁIRÍ

DÁTA:

AINM	Athruithe dearfacha	Buarthaí leanúnacha	Riachtanais reatha	Gníomh

8.3 AGUISÍN

DOICIMÉID AGUS NAISC TACAÍOCHTA

An Roinn Oideachais agus Scileanna, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, An Roinn Sláinte (2013).
Folláine in Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Chothú na Meabhairshláinte agus do Chosc an Fhéinmharaithe.
Ar fáil: http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuarascálacha-Oideachais/Well_Being_PP_Schools_Guidelines_ir.pdf

An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2012).
Féinmheastóireacht Scoile: Treoirlínte d'Iarbhunscoileanna
Ar fáil: http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Tuairiscí-Cigireachta-Foilseacháin/Tuarascálacha-Treoirlínte-Meastóireachta/Féinmheastóireact-Scoile-Treoirlínte-d'Iarbhunscoileanna.pdf

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, (2010a).
Leanúntas Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí
Ar fáil: http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Educational-Psychologist-NEPS-/neps_post_primary_continuum_teacher_guide.pdf

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, (2010b).
Leanúntas Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna: Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí
Ar fáil: http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/Educational-Psychologist-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_pack.pdf

An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, (2008).
Cód Iompraíochta a Fhorbairt: Treoirlínte do Scoileanna
Ar fáil: http://www.newb.ie/downloads/pdf/guidelines_school_codes_eng.pdf

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2007a).
Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla; Treoirlínte do Mhúinteoirí
Ar fáil: http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Síceolaí-Oideachais-NEPS-/neps_critical_incidents_guidelines_schools_ir.pdf

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2007b).
Ag Freagairt do Theagmhais Chriticiúla; Abhair Acmhainní
Ar fáil: http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Seirbhísí/Síceolaí-Oideachais-NEPS-/neps_critical_incidents_resource_material_schools_ir.pdf

An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna (2005).
Treoirlínte do Scoileanna Dara Leibhéal ar Impleachtaí Ailt 9 (c) den Acht Oideachais 1998
Ar fáil: http://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláistí/Eolas/Teimpléid-agus-Treoirlínte/Treoirlínte-do-Scoileanna-Dara-Leibhéal-ar-Impleachtaí-Alt-9-c-den-Acht-Oideachais-1998-a-bhaineann-le-rochtain-daltaí-ar-threoir-chuí.pdf

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1998).
Rialtas na hÉireann: an tAcht Oideachais, Alt 9
Ar fáil: http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/1998/a5198i.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011).
Imlitir 0065/2011: Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath.
Ar fáil: http://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gníomhacha/cl0065_2011_ir.pdf

An Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2004).
Clár Treorach na Scoile a Phleanáil
Ar fáil: http://www.ncge.ie/uploads/Pl_Sch_Gui_prog_leaf.pdf

An tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta (NBSS) suíomh gréasáin
Ar fáil: www.nbss.ie

Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

Guthán: 00353 1 889 2700
R-phost:neps@education.gov.ie

Suíomh gréasáin: www.education.ie

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS